C/2025/3188

6.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3188)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'La Bella della Daunia'

EU PDO-IT-0085-AM01 — 14.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'La Bella della Daunia'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach Faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – Cur Chun Cinn na Cáilíochta Agraibhia (PQA) 1

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leo agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Ológa atá i mbun dath a athrú a thabhairt isteach*

Cuireadh na focail 'atá i mbun dath a athrú' le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge chun tuairisc a thabhairt ar chineál ológ boird is féidir a fháil trí chóras California a chur i bhfeidhm i bpáirt a cheadaítear leis an tsonraíocht táirge, is é sin an chuid ina luaitear ann '[...] déantar na hológa a thomhas agus a chur i gcoimeádáin aer-obacha in éineacht le sáile ag tiúchan idir 8 % agus 10 %, i gcomhréir inbhéartach lena méid [...]'.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Is é an t-aon difríocht atá ann idir an chéim thosaigh den leasú agus córas California nach mór na hológa a choinneáil faoi sháile sna coimeádáin ar feadh 180 lá ar a laghad sula bpacáiltear iad. Tá gá leis an tréimhse sin chun go mbeifear in ann an chomhdhúil shearbh a bhaint as na hológa gan buac (hiodrocsaíd sóidiam) a úsáid. Fágfaidh sé sin go mbeidh oibreoirí in ann ológa atá incháilithe do dheimhniú mar ológa orgánacha a fháil.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Scriosadh tagairt do Rialachán a bhfuil Rialachán níos déanaí curtha ina ionad*

Scriosadh na focail 'i Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92' toisc go bhfuil Rialachán níos déanaí curtha ina ionad.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Ológa atá i mbun dath a athrú a thabhairt isteach*

De réir analaí leis an leasú ar Airteagal 1, cuireadh na focail 'atá i mbun dath a athrú' le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar thagairtí riaracháin a bhaineann leis an limistéar sainithe*

Sa tuairisc ar an limistéar táirgeachta in Airteagal 3 den tsonraíocht táirge, scriosadh na focail 'Trinitapoli agus limistéir thuaithe iomlána San Ferdinando agus Stornara' agus cuireadh na focail seo a leanas leis: 'limistéar tuaithe iomlán Stornara; i gcúige Barletta – Andria – Trani, cuid de chríoch bhardasach Trinitapoli, agus limistéar tuaithe iomlán San Ferdinando di Puglia'. Bhí gá leis sin toisc gur aistríodh bardais Trinitapoli agus San Ferdinando di Puglia ó chúige Foggia go dtí cúige Barletta – Andria – Trani. Ní raibh in aistriú na mbardas sin ó chúige Foggia chuig cúige Barletta – Andria – Trani ach leasú riaracháin nach raibh aon athrú ar an limistéar sainithe i gceist leis.

Ar an gcúis chéanna, scriosadh an giorrúchán FG (Foggia) ó phointí 4 agus 5.1 den doiciméad aonair, i gcás inarb ann dó.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Ológa atá i mbun dath a athrú a thabhairt isteach*

Ar mhúnla na leasuithe ar Airteagail 1 agus 2, cuireadh na focail 'ológa atá i mbun dath a athrú agus' le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair, áit ina dtugtar tuairisc ar uainiú bhuain na n-ológ. Dá bhrí sin, leasaíodh an mhír ábhartha mar a leanas:

Buantar na hológa go díreach de na crainn, ón 1 Deireadh Fómhair ar aghaidh; i gcás ológa glasa, nuair a thosaíonn an craiceann ag athrú ó ghlas na duilleoige go glas na tuí agus nuair a bhíonn lionsacháin feiceálacha orthu, i gcás ológa atá i mbun dath a athrú agus ológa dubha, nuair a bhíonn siad i mbun dath a athrú nó nuair a bhíonn siad aibithe agus dath dearg fíona orthu.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Soiléirithe ar na modhanna leasaithe agus próiseála a úsáidtear*

Ar mhaithe le soiléireacht, liostaíodh na cineálacha leasaithe agus próiseála in Airteagal 4 den tsonraíocht táirge roimh an tuairisc ar na modhanna sin. Chomh maith le próiseáil a dhéanamh orthu ina n-ológa iomlána, cuireadh isteach an fhéidearthacht maidir le próiseáil a dhéanamh orthu ina n-ológa briste, ina n-ológa scoilte agus ina n-ológa ar baineadh na clocha astu. Níl i gceist leis sin modhanna leasaithe nua a úsáid, ach amháin modhanna próiseála meicniúla a chur leis chun ológa iomlána a bhriseadh, a scoilteadh agus chun na clocha a bhaint astu, ológa a fhaightear trí úsáid a bhaint as na trí mhodh leasaithe a cheadaítear leis an tsonraíocht táirge (córas Sevilla, córas California, córas nádúrtha).

In Airteagal 4, dá bhrí sin, cuireadh an téacs seo a leanas isteach tar éis shainmhíniú na huastáirgeachta:

'Féadfar ológa atá beartaithe le haghaidh ológa an ATFC "La Bella della Daunia" a tháirgeadh a ullmhú trí úsáid a bhaint as na córais leasaithe seo a leanas:

— Ológa glasa: leasaithe le córas Sevilla

— Ológa dubha: leasaithe le córas Sevilla

— Ológa atá i mbun dath a athrú: leasaithe leis an gcóras nádúrtha

I gcás na dtrí chineál leasaithe a liostaítear thuas, féadfar na torthaí a phróiseáil mar seo a leanas:

— Ológa iomlána

— Ológa briste

— Ológa scoilte

— Ológa a bhfuil na clocha bainte astu'

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Laghdú ar chéatadán salainn an tsáile*

In Airteagal 4 den tsonraíocht táirge, laghdaíodh an íoschainníocht salainn atá le húsáid chun an sáile a chobhsú nuair is faide ná 6 mhí an tréimhse idir céim an choipthe agus céim na pacála ó 8 % go 6 %. Laghdaíodh an t-íoschéatadán salainn ó 8 % go 6 % toisc gur tugadh faoi deara go bhfaightear táirge cobhsaí leis an gcéatadán sin fiú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Deireadh a chur leis an gceanglas maidir le paistéaradh i gcás coimeádáin phlaisteacha*

In Airteagal 4, sa tuairisc ar an gcaoi a bpróiseáiltear ológa glasa, cuireadh deireadh leis an gceanglas maidir le steiriliú nuair a úsáidtear coimeádáin phlaisteacha. Dá bhrí sin leasaíodh an téacs ábhartha mar a leanas:

'Tar éis coipthe, pacáiltear na hológa i gcoimeádáin ghloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach, is idir 3 % agus 5 % a bheidh an sáile deiridh, ag pH < 4,6; déantar an paistéaradh ina dhiaidh sin; níl paistéaradh éigeantach i gcás na gcoimeádán thuasluaite eile.'

I gcás ina ndéantar ológa glasa agus/nó ológa atá i mbun dath a athrú a phacáil i gcoimeádáin seachas coimeádáin ghloine nó stáin, e.g. folúsphacáistí, tobáin agus tráidirí plaisteacha, níl paistéaradh éigeantach. Mura ndéantar teaschóireáil, is féidir táirge 'úr' a fháil atá níos cosúla leis an mbuntáirge a fuarthas nuair nárbh ann d'innealra agus trealamh le haghaidh teaschóireála. Téann an fhéidearthacht an táirge a phacáil gan teaschóireáil chun tairbhe don chomhshaol a bhuí leis an gcoigilt fuinnimh a eascraíonn as gan an próiseas paistéartha ar fad a chur i bhfeidhm, rud a fhágann gur gá an táirge a réamhthéamh, na coimeádáin a líonadh le leacht leasaitheach te agus iad a chur faoi réir timthriall paistéartha ar feadh tuairim is uair an chloig, a mbaintear teochtaí níos mó ná 80 °C amach lena linn. Tá an méid sin go léir i gcomhréir le rialacha na hEorpa agus na hIodáile maidir le sábháilteacht bia agus is féidir é a dhéanamh trí dhul chun cinn teicneolaíoch agus trí aird níos mó a thabhairt ar chaighdeáin sláinteachais, mar thoradh ar reachtaíocht cheangailteach agus ar an mbéim mhéadaithe atá ag cuideachtaí ar scéimeanna deonacha deimhniúcháin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Riail shonrach a thabhairt isteach maidir le coimeádáin phlaisteacha a úsáid i bpróiseáil ológ dubh agus an focal 'sailíne' a scriosadh*

In Airteagal 4, sa tuairisc ar an gcaoi a bpróiseáiltear ológa dubha, sonraíodh gur féidir coimeádáin phlaisteacha a úsáid agus scriosadh an focal 'sailíne' toisc go bhfuil sé iomarcach nuair a úsáidtear é in éineacht leis an bhfocal 'sáile'. Dá réir sin, cuireadh tagairt shonrach do 'phlaisteach' leis na tuairiscí ar mhodh (a) agus ar mhodh (b) araon, mar a leanas:

'[...] i gcoimeádáin ghloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach,'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Riail shonrach a thabhairt isteach maidir le coimeádáin ghloine a úsáid i bpróiseáil ológ dubh*

In Airteagal 4, sa tuairisc ar an gcaoi a bpróiseáiltear ológa dubha, tugadh isteach riail shonrach maidir le crúscaí gloine a úsáid. Cuireadh an mhír seo a leanas isteach ag deireadh na tuairisce ar an bpróiseas:

'I gcás crúscaí gloine amháin, féadfar ológa dubha a phacáil freisin ag pH > 4,6, gan leacht. Déantar paistéaradh ina dhiaidh sin.'

Trí ológa dubha a phacáil i gcrúscaí gloine gan leacht, faightear ológa atá sofheicthe laistigh den chrúsca agus, dá bhrí sin, is fusa do thomhaltóirí meas a bheith acu orthu. Nuair a bhíonn ológa dubha i gcrúscaí ina bhfuil leacht, ní féidir ach mais dhubh aonfhoirmeach a fheiceáil a fhágann nach féidir na hológa aonair a fheiceáil, ná a méid, a gcuma, agus mar sin de. Is féidir pacáil gan leacht a dhéanamh sa lá atá inniu ann a bhuí le nuálaíochtaí teicneolaíochta lenar féidir táirge gan locht a fháil, rud nárbh fhéidir a bhaint amach go héasca nuair a cuireadh isteach an t-iarratas ar aitheantas an ainmniúcháin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *An modh chun próiseáil a dhéanamh ar ológa atá i mbun dath a athrú a thabhairt isteach*

De réir analaí leis na leasuithe ar Airteagail 1 agus 2, cuireadh an modh chun ológa atá i mbun dath a athrú le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

'Déantar dath ológa an ATFC "La Bella della Daunia" a leasú trí úsáid a bhaint as an gcóras nádúrtha, mar a thuairiscítear thíos: tar éis iad a thomhas, cuirtear na hológa i gcoimeádáin in éineacht le sáile ag tiúchan idir 8 % agus 10 %, i gcomhréir inbhéartach lena méid. Tarlaíonn coipeadh ina dhiaidh sin ar feadh 6 mhí ar a laghad i ngabhdáin iomchuí ina gcaithfidh na hológa a bheith faoi sháile i gcónaí. Le linn na céime coipthe, is gá salann meilte a chur leis sa chaoi go gcobhsaítear an sáile ag idir 7 % agus 10 %. Tar éis an choipthe, pacáiltear na hológa i gcoimeádáin gloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach, agus sáile deiridh idir 3 % agus 5 % ann, ag pH < 4,6; déantar an paistéaradh ina dhiaidh sin; níl paistéaradh éigeantach i gcás na gcoimeádán thuasluaite eile.'

Cuireadh isteach an cineál 'ológa atá i mbun dath a athrú', arna leasú leis an gcóras nádúrtha. Faightear an cineál sin olóige tríd an gcéad chéim de mhodh (b) de chóras California a chur i bhfeidhm, ina luaitear '[...] déantar na hológa a thomhas agus a chur i gcoimeádáin aer-obacha in éineacht le sáile ag tiúchan idir 8 % agus 10 %, i gcomhréir inbhéartach lena méid [...]'. Is é an t-aon difríocht atá ann idir an chéim thosaigh den leasú agus córas California nach mór na hológa a choinneáil faoi sháile sna coimeádáin ar feadh 180 lá ar a laghad sula bpacáiltear iad. Tá gá leis an tréimhse sin chun go mbeifear in ann an chomhdhúil shearbh a bhaint as na hológa gan buac (hiodrocsaíd sóidiam) a úsáid. Fágann sé sin go bhfuil oibreoirí in ann ológa atá incháilithe do dheimhniú mar ológa orgánacha a fháil.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

12. ***An tuairisc ar shaintréithe na n-ológ atá i mbun dath a athrú a thabhairt isteach***

De réir analaí leis na leasuithe ar Airteagail 1, 2 agus 4 agus pointe 3.2 den doiciméad aonair, cuireadh an tuairisc ar shaintréithe na n-ológ na n-ológ atá i mbun dath a athrú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge:

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith in ológa boird an ATFC 'La Bella della Daunia' atá i mbun dath a athrú: ní mór an dath breachnaithe a bheith sa raon idir dath donn an tobac agus donn dorcha; cruth fadaithe, ar cosúil é le pluma ar a bhfuil bonn caol agus barr géar, caol; fíneáltacht, blas agus uigeacht lán, bhog ar an mbia, craiceann tanaí;

meáchan idir 6 g agus 30 g;

táirgeacht an bhia > 80 %;

cion saille < 18 %;

méid siúcra dí-ocsaídithe < 2,4 %.

Cuireadh isteach an tuairisc ar shaintréithe na n-ológ atá i mbun dath a athrú nuair a scaoiltear lena dtomhailt iad.

Bíonn ológa atá i mbun dath a athrú a leasaítear trí úsáid á baint as an gcóras nádúrtha níos seirbhe i gcónaí ná na hológa a phróiseáiltear trí úsáid a bhaint as buac. Is féidir ológa atá incháilithe do dheimhniú mar ológa orgánacha a fháil mura n-úsáidtear buac.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

13. *Laghdú ar an íosmheáchan silte*

In Airteagal 7 agus i bpointe 3.6 den doiciméad aonair, laghdaíodh an t-íosmheáchan silte go 30 g cibé áit dá dtagraítear.

Laghdaíodh an t-íosmheáchan silte go 30 g toisc go bhfuil éileamh níos mó ná riamh ar an margadh ar ológa i gcoimeádáin bheaga atá beartaithe le haghaidh úsáidí sonracha (aerthaisteal, boscaí ornáideacha le haghaidh bainiseacha, boscaí bronntanais le haghaidh comhdhálacha agus imeachtaí de chineálacha éagsúla, etc.).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

14. *An réimír 'teirmea' a scriosadh ón bhfocal 'teirmeaplaisteach' agus an cáilitheoir 'stánphláta' a chur leis*

In Airteagal 7 agus i bpointe 3.6 den doiciméad aonair, scriosadh an réimír 'teirmea' ón bhfocal 'teirmeaplaisteach' toisc go bhfuil sé iomarcach agus cuireadh an cáilitheoir 'stánphláta' leis agus tagairt á déanamh do na cannaí a fhéadfar a úsáid.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

15. *Deireadh a chur leis an gceanglas maidir le paistéaradh i gcás ológa glasa agus ológa atá i mbun dath a athrú*

I gcomhréir leis na leasuithe ar Airteagal 4, in Airteagal 7, cuireadh deireadh leis an gceanglas maidir le paistéaradh i gcás ológa glasa agus ológa atá i mbun dath a athrú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

16. *An fhéidearthacht a thabhairt isteach siombail ghrafach (lógó) an ATFC La Bella della Daunia a athchruthú go díreach ar an lipéad*

In Airteagal 7 den tsonraíocht táirge agus i bpointe 3.7 den doiciméad aonair, tugadh isteach an fhéidearthacht siombail ghrafach (lógó) an ATFC La Bella della Daunia a athchruthú go díreach ar an lipéad.

Leasaíodh an abairt ábhartha mar a leanas:

'Déanfar an tsiombail ghrafach a athchruthú ar ghreamán, nó go díreach ar an lipéad, i dtrí mhéid fhéideartha: 2 cm, 3 cm nó 5 cm.'

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

17. *Tagairtí don Rialachán AE a thabhairt cothrom le dáta*

In Airteagal 5, tugadh na tagairtí do Rialachán (AE) 2024/1143 cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘La Bella della Daunia’

Uimh. AE: PDO-IT-0085-AM01 — 14.3.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘La Bella della Daunia’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 20 — ULLMHÓIDÍ GLASRAÍ, TORTHAÍ, CNÓNNA NÓ CODANNA EILE DE PHLANDAÍ

2004 — Glasraí eile ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006

2004 90 — Glasraí eile agus meascáin glasraí

2004 90 30 — Sauerkraut, caprais agus ológa

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith in ológa boird glasa an ATFC ‘La Bella della Daunia’:

— ní mór an dath a bheith ar ghlas aonfhoirmeach na tuí agus lionsacháin shoiléire a bheith orthu;

— cruth fadaithe, ar cosúil é le pluma ar a bhfuil bonn caol agus barr géar, caol;

— fíneáltacht, blas agus, uigeacht lán, theann ar an mbia, craiceann tanaí;

— meáchan idir 6 g agus 30 g;

— táirgeacht an bhia > 80 %;

— cion saille < 15 %;

— méid siúcra dí-ocsaídithe < 2,8 %.

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith in ológa boird dubha an ATFC ‘La Bella della Daunia’:

— ní mór an craiceann a bheith dubh dorcha;

— cruth fadaithe, ar cosúil é le pluma ar a bhfuil bonn caol agus barr géar, caol;

— fíneáltacht, blas agus, uigeacht lán, theann ar an mbia, craiceann tanaí;

— meáchan idir 6 g agus 30 g;

— táirgeacht an bhia > 80 %;

— cion saille < 18 %;

— méid siúcra dí-ocsaídithe < 2,4 %.

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith in ológa boird an ATFC 'La Bella della Daunia' atá i mbun dath a athrú:

ní mór an dath breachnaithe a bheith sa raon idir dath donn an tobac agus donn dorcha;

cruth fadaithe, ar cosúil é le pluma ar a bhfuil bonn caol agus barr géar, caol;

fíneáltacht, blas agus uigeacht lán, bhog ar an mbia, craiceann tanaí;

meáchan idir 6 g agus 30 g;

táirgeacht an bhia > 80 %;

cion saille < 18 %;

méid siúcra dí-ocsaídithe < 2,4 %.

Buantar na hológa go díreach de na crainn, ón 1 Deireadh Fómhair ar aghaidh; i gcás ológa glasa, nuair a thosaíonn an craiceann ag athrú ó ghlas na duilleoige go glas na tuí agus nuair a bhíonn lionsacháin feiceálacha orthu, i gcás ológa atá i mbun dath a athrú agus ológa dubha, nuair a bhíonn siad i mbun dath a athrú nó nuair a bhíonn siad aibithe agus dath dearg fíona orthu.

Ní sháróidh an uastáirgeacht olóige in aghaidh an heicteáir atá in ann cosaint a fháil 15 thona in aghaidh an heicteáir, i gcuraíocht aonair nó i gcuraíocht mheasctha (is táirgeacht ualaithe atá i gceist ansin).

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Tagann 'la Bella della Daunia' ón gcineál bunaidh 'Oliva di Cerignola', saothróg pholaclónach ina bhfuil saintréithe sainiúla an-athraitheach a eascraíonn as saibhreas na maitríse géinití, as tosca ithreach agus aeráide, as an bhfréamhstoc agus as forbairtí i dteicnící fáis. Ón gcineál coiteann sin i limistéar Daunia (ar a dtugtar Tavoliere di Capitanata anois), táirgeadh clón níos fearr ag a bhfuil finíocht ghéiniteach leis an tsaothróg bhunaidh ach ag a bhfuil airíonna tráchtála níos fearr mar thoradh ar shóchán géiniteach nádúrtha agus trí roghnú clónach cúramach leanúnach ag na saothróirí féin agus ag na plandlanna áitiúla. Tugadh 'Bella di Cerignola' ar an tsaothróg nua sin agus cuireadh isteach é faoi Uimh. 15 i gclár saothraithe ológ na hIodáile.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór céimeanna táirgeachta 'La Bella della Daunia' a dhéanamh sa limistéar táirgeachta a shainaithnítear i bpointe 4.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór an ATFC 'la Bella della Daunia' a scaoileadh lena thomhailt mar a leanas: ní mór an táirge a chur i gcoimeádáin gloine iomchuí ag a bhfuil íosmheáchan silte 30 g, i bpacáistí plaisteacha ag a bhfuil íosmheáchan silte 30 g, nó i gcannaí stánphláta ag a bhfuil meáchan silte 30 g agus níos troime;

Ní mór céimeanna táirgeachta 'La Bella della Daunia' a dhéanamh sa limistéar táirgeachta a shainaithnítear i bpointe 4.

Ológa glasa

Tar éis an choipthe, pacáiltear na hológa i gcoimeádáin gloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach, agus sáile deiridh idir 3 % agus 5 % ann, ag pH < 4,6; déantar an paistéaradh ina dhiaidh sin; níl paistéaradh éigeantach i gcás na gcoimeádán thuasluaite eile atá déanta as plaisteach.

Ológa dubha

Modh (a)

Déantar na hológa a ní, a ghalchóireáil agus a phacáil i gcoimeádáin ghloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach, a fhéadfar a steiriliú, in éineacht le sáile thart ar 3 %, ag pH thart ar 4,6. Déantar an steiriliú ina dhiaidh sin.

Modh (b)

Déantar na hológa a ní, a ghalchóireáil agus a phacáil i gcoimeádáin ghloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach, a fhéadfar a steiriliú; beidh sáile deiridh ag an táirge pacáilte ag tiúchan idir thart ar 2 % agus 5 % agus pH > 4,6. I gcás crúscaí gloine amháin, féadfar ológa dubha a phacáil freisin ag pH > 4,6, gan leacht. Déantar an steiriliú ina dhiaidh sin.

Ológa atá i mbun dath a athrú

Tar éis an choipthe, pacáiltear na hológa i gcoimeádáin gloine nó stáin, nó i gcoimeádáin eile atá déanta as plaisteach, agus sáile deiridh idir 3 % agus 5 % ann, ag pH < 4,6; déantar an paistéaradh ina dhiaidh sin; níl paistéaradh éigeantach i gcás na gcoimeádán thuasluaite eile atá déanta as plaisteach.

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór na coimeádáin uile a lipéadú i gcomhréir le ceanglais na bhforálacha dlíthiúla atá i bhfeidhm; léireofar a leanas ar an lipéad, i gcló soiléir inléite ar aon mhéid: 'La Bella della Daunia' agus 'Denominazione di origine protetta' ('Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint') (nó an t-acrainm DOP (ATFC)); ainm, ainm cuideachta agus seoladh an táirgeora agus an phacáisteora; an glanmheáchan silte atá sa phacáiste, arna chur in iúl i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm. Ní mór an tsiombail ghrafach d'íomhá ealaíonta an lógó shonraigh gan débhrí atá le húsáid go héigeantach taobh leis an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a bheith le feiceáil freisin. Íomhá de bhean atá sa tsiombail ghrafach, ar íomhá é atá faoi anáil traidisiún péintéireachta ársa in Daunia, atá déanta i stíl 'claonchló'. Is damhsóir mná atá san íomhá, a bhfuil géag ológ ardaithe ina lámh chlé aici. Tá na focail 'La Bella della Daunia' i gcarachtair chlasaiceacha 'serif' (cás uachtarach) timpeall ar an íomhá.

Sa chuid uachtarach den fhráma seachtrach, ar a bhfuil an dath Pantone 872, tá na focail 'Oliva da mensa DOP' ('ológa boird ATFC') le feiceáil, agus tá ainm na saothróige, cineál 'Bella di Cerignola', le feiceáil sa chuid íochtarach. Déanfar an tsiombail ghrafach a athchruthú ar ghreamán, nó go díreach ar an lipéad, i dtrí mhéid fhéideartha: 2 cm, 3 cm nó 5 cm.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá bardais Cerignola, Orta Nova, S. Ferdinando di Puglia, Stornara, Stornarella, Trinitapoli mar chuid de Chlár mór Apulia (Tavoliere della Puglia). Tá sé sin comhdhéanta de chuid lárnach, arb é an limistéar is mó é, agus dhá stráice fhairsinge ó thuaidh agus ó dheas ó chumraíocht gheografach éagsúil. Tá na bardais a liostaítear lonnaithe sa limistéar lárnach, i dtreo an limistéir chósta. Tá fána réidh agus cothrom i dtreo na farraige leis an limistéir cósta sin, atá ag teorainn thoir an limistéir. Ós rud é go bhfuil an mheánairde idir 100 m agus 150 m os cionn leibhéal na farraige, ní mór Clár Apulia a mheas mar cheann de mhachairí cósta na hIodáile. Is idir 7 % agus 8 % atá an fána. Athraíonn maoschlár ó idir 25 m agus 50 m ag brath ar an limistéar. Athraíonn doimhneacht na n-uiscíoch gaibhnithe freisin ag brath ar an limistéar, ach tá na sreafaí go maith cheana féin ag idir 60 m agus 70 m. Limistéar: Cerignola: 58 965 ha, Orta Nova: 14 393 ha, S. Ferdinando di Puglia: 4 181 ha, Stornara: 3 364 ha, Stornarella: 3 388 ha, Trinitapoli: 14 755 ha. Iomlán: 99 046 ha. Tá an limistéar atá críochaithe ag an ATFC 'La Bella della Daunia' thart ar 30 % níos lú, ós rud é gur cuireadh as an áireamh na limistéir nach bhfuil a n-ithir agus a ndálaí aeráide oiriúnach chun ológa boird a fhás. Tá thart ar 850 ha á saothrú i láthair na huaire. Cuireadh 180 ha le déanaí le cúnamh ón Aontas Eorpach.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá saintréithe ithreach, aeráide agus hidrigeolaíocha inchomparáide i mbardais Cerignola, Orta Nova, S. Ferdinando di Puglia, Stornara, Stornarella agus Trinitapoli ionas gur limistéar táirgeachta aonchineálach é. Is í gnáthaeráid na Meánmhara atá san aeráid: fuar agus fliuch san fhómhar/sa gheimhreadh, te agus tirim sa samhradh. Cailleann an sireacó nó an ghaoth aneas, ar gaoth í a bhíonn fliuch nuair a shéideann sí isteach ó Mhuir Thoirian agus a thugann báisteach léi, a taise de réir mar a shéideann sí trasna na nAipiníní agus is gaoth the thirim a bhíonn inti de réir mar a shéideann sí anuas i dtreo Mhuir Aidriad agus an Mhuir Iónach. Tá doimhneacht éagsúil ag baint le hithreacha agus tá éagsúlacht mhór idir a leibhéal balctha; is ithreacha meánacha is mó atá ann. Bíonn tréscaoilteacht go maith go ginearálta, agus is mar gheall ar chruachiseal gar don dromchla, atá lán le haolchloch agus cré ghainmheach a bhíonn leathbhá ann sa gheimhreadh. Bíonn an pH fo-alcaileach nó neodrach beagnach i gcónaí. Is féidir leis na hithreacha sin leibhéal maith táirgiúlachta a bhaint amach agus, le hoibriú réasúnach, struchtúr fisiceach fabhrach a chur ar fáil.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Níl aon amhras faoi ach gur mar thoradh ar chruth sainiúil na ndrúip, a thabharfadh plumaí chun cuimhne go mór, an t-ainm. Is saothróg féin-chomhoiriúnach go pointe áirithe é, agus is saothróga Sant'Agostino, Biancolilla, Termite di Bitetto agus Mele iad na pailneoirí maithe. Tá an téachtadh torthaí thart ar 0,20 % go 0,40 %. Tá cáil ar thorthaí an chineáil sin mar gheall ar a mhéid, a chuma slachtmhar, toirt agus uigeacht an bhia, agus an cumas láimhseáil agus stóráil a sheasamh. Déantar na torthaí a phróiseáil go príomha nuair is glas atá siad; mar gheall ar éileamh láidir na dtomhaltóirí, áfach, tá tús curtha le próiseáil ológa dubha, agus iad siúd atá i mbun dath a athrú, le déanaí.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás an TGFC)*

Tagann 'la Bella della Daunia' ón gcineál bunaidh 'Oliva di Cerignola', saothróg pholaclónach ina bhfuil saintréithe sainiúla an-athraitheach a eascraíonn as saibhreas na maitríse géinití, as tosca ithreach agus aeráide, as an bhfréamhstoc agus as forbairtí i dteicnící fáis. Ón gcineál coiteann sin i limistéar Daunia (ar a dtugtar Tavoliere di Capitanata anois), táirgeadh clón níos fearr ag a bhfuil finíocht ghéiniteach leis an tsaothróg bhunaidh ach ag a bhfuil airíonna tráchtála níos fearr mar thoradh ar shóchán géiniteach nádúrtha agus trí roghnú clónach cúramach leanúnach ag na saothróirí féin agus ag na plandlanna áitiúla. Tugadh 'Bella di Cerignola' ar an tsaothróg nua sin agus cuireadh isteach é faoi Uimh. 15 i gclár saothraithe ológ na hIodáile.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F9%252F0%252FD.191a8e65bf288da30734/P/BLOB%3AID%3D3343/E/pdf?mode=download